# Coibhéis a Léiriú ar Uimhirmheá

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – oibríochtaí, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, abairtí uimhris, patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhirmheá tacar/grúpa de, suimiú leantach, oibríochtaí inbheartaithe, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, cothrom le, coibhéis, cothromóid |
| **Áiseanna** | Uimhirmheá Mol Mata, ábhair phraiticiúla don iolrú |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Úsáideann daltaí an Uirlis Uimhirmheá le huimhir-abairtí agus cothromóidí le coibhéis a léiriú.

### 1 Gníomhaíocht 1

Agus fíric iolraithe in úsáid acu (e.g. 8x10), iarrtar ar na daltaí an líon is mó fíricí iolraithe coibhéiseacha a aimsiú agus is féidir. Is féidir sraitheanna iolraithe cosúil le (3x10) + (5x6) + (2x10) a úsáid chomh maith le freagraí atá níos mó ná táblaí a deich e.g. 20x4. Agus tuiscint léirithe acu ar an choincheap seo, cuirtear ina bpéirí iad agus iarrtar orthu an próiseas a athdhéanamh faoi choinne réimse d'fhíricí iolraithe. Déanann siad taifead ar a bhfreagraí de réir mar a théann siad ar aghaidh. Thig leo an Uimhirmheá a úsáid lena dhearbhú go bhfuil a bhfreagraí cruinn.

### 2 Gníomhaíocht 2

Athdhéanann daltaí Gníomhaíocht 1, ach an iarraidh seo spreagtar iad le réimse oibríochtaí amhail suimiú agus iolrú a úsáid. E.g. 8x5 = (2x10) + 5 + 8 + 7 srl. Arís, déanann siad taifead ar a dtorthaí ar dhóigh shoiléir chórasach.

### 3 Gníomhaíocht 3

Fiosraítear an tábhacht atá le LÚIBÍNÍ agus freagraí á dtaifeadadh sa tasc seo. Iarrtar ar na daltaí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid freagraí ón dá ghníomhaíocht roimhe agus a fháil amach cé acu atá lúibíní de dhíth nó nach bhfuil. Iarrtar orthu fianaise thacaíochta a chur ar fáil leis an ráiteas seo a leanas a chruthú/a bhréagnú; **"Ní bhíonn LÚIBÍNÍ de dhíth nuair nach mbíonn cothromóidí sínte á dtaifeadadh agat. Cuirtear iad ann díreach le 'slacht a chur' ar do chuid freagraí! An bhfuil an ráiteas FÍOR nó BRÉAGACH?"**

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é 3x5?<br>• Cén uimhir atá cothrom le 10x10?<br>• An bhfuil 5x4 cothrom le 4x5?<br>• Cá mhéad dóigh atá ann uimhir x a léiriú leis na táblaí iolraithe?<br>• Cad iad na fíricí iolraithe éagsúla atá coibhéiseach le 4x20? | • Mínigh an chiall atá le 5x10 – An bhfuil dóigh eile ann lena mhíniú?<br>• Cad é a thugann tú faoi deara agus tú ag cumadh do chothromóidí?<br>• Cad é an tábhacht atá le lúibíní i gcothromóid? |

## Difreáil

Roghnaigh táblaí, oibríochtaí agus cothromóidí de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.